

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH ACMHAINN DON IAR-BHUNSCOIL

‘Tá briathar Dé ar nós na gréine, caitear solas ar an áilleacht, ach ar an rud a choimeádfaí faoi rún, chomh maith.’ (Naomh Óscar Romero)

An Mhaighdean Mhuire leis an leanbh Íosa agus briathar Dé á iompar aici. Séipéal pharóiste Ishiara, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

### Urnaí ar son na Córa

In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh. A Thiarna, iarraidimid ort ár gcroí agus ár n-intinní a stiúradh, agus muid a oiliúint ionas go dtuigimid agus go ngráfaimid i gceart tú, i mbriathar agus i ngníomh. Treoraigh ar an mbealach ceart sinn leis an chóir a lorg do chách. Amen.

### Smaoineamh agus Machnamh

‘Caithfidh gach aon duine agaibh a bheith mar challaire Dé, mar theachtaire, mar fháidh.’ (Naomh Óscar Romero)

- Déan fótachóipeanna de na hathfhriotal ar leathanach 2.
  - Gearr amach, fill agus cuir i mbosca nó i gciseán iad. Bí cinnte faoi go bhfuil go leor ann do líon an ranga.
  - Las coinneal agus seinn ceol – tá moltaí luaite thíos.
  - Abair an Urnaí ar son na Córa (thuas) os ard. Cuir an ciseán leis na hathfhriotal thart agus iarr ar na daltaí ceann an duine a phiocadh.
  - Abair leo cúpla nóiméad a chaitheamh ag machnamh ar an méid a léann siad.
- Tabhair deis do na daltaí na rudaí a léigh siad a phlé lena chéile. Iarr orthu na ceisteanna seo a chur orthu féin:
    1. Cén bhrí a bhainim as an athfhriotal?
    2. Conas is féidir liom freagairt a thabhairt air i mo shaol féin?
    3. Déan na hathfhriotal a chur i gcomparáid lena chéile.
    4. Breathnaigh ar na hathfhriotal ar fad. An bhfuil téama nó teachtaireacht chomónta iontu?

### Obair le Cois

Déanann na daltaí taighde faoin athfhriotal a bhronnadh orthu.

**Athfhriotal ón mBíobla:** Faigh an tagairt/líne scríoptúir sa Bhíobla agus léigh an sliocht iomlán lena mbaineann sé. Roghnaigh cúpla líne eile as an sliocht céanna.

**Athfhriotal ón Naomh:** Fiosraigh an t-athfhriotal agus léigh mar gheall ar shaol agus ar shaothar an naoimh. Aimsigh cúpla nathán eile ón naomh céanna.

**Athfhriotal ón bPápa:** Fiosraigh an t-athfhriotal agus faigh amach cathain, cén áit agus cén fáth a ndúirt an Pápa a leithéid.

Iarr ar na daltaí acoimre a dhéanamh ar an méid a d’fhoghlaimíodar agus é a roinnt leis an rang.

### Déan Ga Leabhair

Bronn ga leabhair ar gach dalta (teimpléid ar lth. 3), nó is féidir iad a spreagadh lena gcuid féin a dhéanamh ar chárta nó ar pháipéar athchúrsáilte.

- Iarr ar na daltaí an t-athfhriotal a roghnaigh siad a scríobh amach ar an nga i scríbhinn ealaíonta.
- Déan an scríbhinn a mhaisiú le marcóirí nó le dathanna eile.
- Cuir ceol ar siúl a fhad is a bhíonn an obair seo á dhéanamh acu.

### Amhráin

Bí ag lorg na hamhráin seo ar líne le go seinnfí iad:

Matt Maher: ‘Lord, I Need You’

Audrey Assad: ‘Restless’

Matt Maher: ‘All the People Said Amen’

Selah: ‘I Will Carry You’

# ATHFHRIOTAIL

**Déan fótachóipeanna agus gearr amach iad. Bíodh ceann an duine ar fáil do na daoine óga.**

<p>‘Caithfidh na daoine a bhfuil guth acu, labhairt ar son na ndaoine atá gan ghuth ar bith.’ (Naomh Óscar Romero)</p>	<p>‘Is méanar don dream a choinníonn an ceart, agus a chloíonn leis an bhfíréantacht de shíor.’ (Salm 106:3)</p>	<p>‘Míníodh duit, a dhuine, céard is maith agus céard a iarrann an Tiarna ort. Níl uaidh ach seo: an ceart a dhéanamh, buanghrá a chothú agus siúl go humhal i bhfochair do Dhé?’ (Míocá 6:8)</p>
<p>‘Má thugann tú do bhreith ar dhaoine eile, níl am ar bith agat iad a ghrá.’ (An Mháthair Treasa Naofa)</p>	<p>‘Is tusa, a Thiarna, mo lóchrann, mo Dhia thú, a shoilíonn mo dhorchacht.’ (Salm 18:29)</p>	<p>‘Tá trí nithe ann atá buan, más ea, creideamh, dóchas agus grá, ach is é an grá an ní is mó orthusan.’ (1 Corantaigh 13:13)</p>
<p>‘Ná bímis cortha choíche den mhaith a dhéanamh.’ (Galataigh 6:9)</p>	<p>‘Eascraíonn an tsíocháin ón gcóir agus ón ngrá.’ (Naomh Óscar Romero)</p>	<p>‘Is é an t-adhradh cheart é an obair ar son na córa agus an aire a thabhairt do na bochtáin agus don dream atá faoi chois.’ (Íseáia 58:5–7)</p>
<p>‘Tabharfaidh Dia slán ón stoirm tú.’ (Íseáia 43:2)</p>	<p>‘Ach go rithe an fhíréantacht mar uisce agus an t-ionracas mar shruth gan dísc.’ (Amós 5:24)</p>	<p>‘Ní bhaineann tábhacht leis an méid a dhéanann tú, ach leis an ngrá a léiríonn tú le linn do chuid oibre.’ (An Mháthair Treasa Naofa)</p>
<p>‘Ní féidir le cách an mórghníomh a dhéanamh, ach is féidir linn an gníomh mion a dhéanamh le grá ollmhór.’ (An Mháthair Treasa Naofa)</p>	<p>‘Bhronn an Tiarna grá ollmhór ormsa: caithimid grá a thabhairt do chách... caithfear a bheith comhbhách!’ (Naomh Josephine Bakhita)</p>	<p>‘Ní féidir liomsa an domhan a athrú as mo stuaim féin, ach is féidir liom an chloch a chaitheamh in uisce le go mbeidh toradh cuilitheach ann.’ (An Mháthair Treasa Naofa)</p>
<p>‘Bronntar an charthanacht, ach tagann athrú ón gcóir a bhronnadh.’ (Íseáia 58:1–10)</p>	<p>‘Ag foghlaim conas an smaointeoireacht bheacht a dhéanamh, ionas go mbeimid ag gníomhú i gceart, agus ag freastal go humhal ar chách.’ (Naomh Eoin Pól II)</p>	<p>‘Cabhraíonn an beagán trócaire leis an daonnacht agus an ceart a chur chun cinn.’ (An Pápa Proinsias)</p>
<p>‘Na ceapadh aon duine againn nach bhfuil dualgas orainn maidir leis an gcóir shóisialta agus cúram na mbocht.’ (An Pápa Proinsias)</p>	<p>‘Oscail féin do bhéal ar son an bhalbháin, agus ar son chearta cách atá tréigthe. Labhair féin! tabhair breith chóir! cosain cearta na mbocht, agus na ndealbh.’ (Seanfhocal 31:8–9)</p>	<p>‘Ní hé toil Dé é go mbeadh cuid againn ar rachmas agus daoine eile ar an ngannchuid.’ (Naomh Óscar Romero)</p>
<p>‘Nithe ar bith ab áil libh daoine a dhéanamh daoibhse, déanaigí amhlaidh sin dóibh: sin é an dlí agus na fáithe.’ (Matha 7:12)</p>	<p>‘Ná bímis cortha choíche den mhaith a dhéanamh; má leanaimid de gan staonadh bainimid an fómhar in am is i tráth.’ (Galataigh 6:9)</p>	<p>‘Is iad seo na haitheanta atá le comhlíonadh agaibh: labhraíodh gach duine an fhírinne.... tugaigí fiorbhreithiúnais, a bhuanóidh an tsíocháin eadraibh.’ (Zacairia 8:16)</p>

# TEIMPLÉAD GHA LEABHAIR

**Déan fótachóipeanna agus gearr amach iad. Bíodh ceann an duine ar fáil do na daoine óga.**

Is féidir teimpléad gha leabhair ar aon dul leis na cinn thíos a dhéanamh as páipéar nó cairtchlár athchúrsáilte; mála donn páipéir, clúdach litreach úsáidte, bosca gráin, seanpháipéar balla, agus araile.




## **Moltaí don Mhaisiú**

- Déan poll i mbarr an gha leabhair agus sáigh ribín nó snáth olla tríd. Cuir snaidhm sa ribín. Is féidir físeáin a lorg ar líne maidir le conas bobailín ga leabhair a dhéanamh.
- *An maisiú agus an nádúr:* Téigh ar shiúlóid dúlra agus cruinnigh bláthanna beaga fiáine, duilleoga agus peitil. Leag idir dhá leathanach páipéir iad, agus cuir leabhair throma anuas orthu. Fág thar oíche iad. Bain úsáid as gliú PVA measctha le huisce, leis na bláthanna beaga fiáine, na duilleoga nó na peitil a ghreamú leis an nga leabhair. Fan go dtí go dtriomaíonn siad agus séaligh le gliú PVA iad.



# NAOMH ÓSCAR ROMERO

'Ní féidir linn an uile rud a dhéanamh, agus is ábhar faoisimh dúinn an tuiscint sin a bheith againn. Cuireann sé seo ar ár gcumas rud éigin a dhéanamh, agus é a dhéanamh go cumasach. Seans gur rud easnamhach a bheidh ann, ach is tús é, céim ar aghaidh ar an aistear, deis le go mbronnfaí grásta Dé orainn, rud a chuirfeadh críoch leis an iarracht.' (Naomh Óscar Romero)



**Féach:** Beochan maidir le saol Naomh Óscar Romero:  
<https://vimeo.com/229680668>

**Rugadh:** Lúnasa 1917 **Fuair Bás:** 24 Márta 1980

**Canónaíodh:** 14 Deireadh Fómhair 2018

Rinneadh urlabhraí na leatromach den Ardeaspag Óscar Romero de bharr na hoibre tábhachtaí a rinne sé ar son an chirt i rith na seachtóidí. Labhair sé amach in aghaidh na dtreascairtí polaitiúla agus míleata ar chearta an duine a tharla ina thír féin.

Cuireadh tús le maoiniú Trócaire ar Choimisiún na Salvadóire um Chearta an Duine sa bhliain 1979. Bhunaigh an tArdeaspag an Coimisiún mar fhreagairt ar an sléacht uafásach a rinneadh ar 8,000 saoránach. Leanann Trócaire leis an maoiniú seo ar obair chearta an duine sa Mheiriceá Láir go dtí an lá atá inniu ann. Cháin an tArdeaspag Romero imeaglú an phobail go rialta, agus é ag lorg go gcuirfí leasuithe sóisialta agus eacnamaíocha i bhfeidhm sa tír.

Dúnmharaíodh sa bhliain 1980 é mar gheall ar an gcosaint dhiongbháilte a rinne sé ar chearta an duine. Chanónaigh an Pápa Proinsias an tArdeaspag Óscar Romero mar naomh ar an 14 Deireadh Fómhair 2018 i Vatacáin na Róimhe.

'Saothraigh an inniúlacht, seachas an iarmhais.' (Naomh Óscar Romero)

# CREIDEAMH MADRIS

Tá áit ríthábhachtach ag an gcreideamh i saol Madris. Má chuirtear ceist uirthi faoin neart a léiríonn sí maidir le haire a thabhairt don teaghlach faoi na cúinsí dúshlánacha a bhaineann lena saol, ní bhíonn aon leisce uirthi a rá go dtagann an neart ó Dhia chuici. Tagann an spreagadh maidir le haire a thabhairt don chlann ón gcreideamh i nDia atá aici. Deir sí, 'Bainim mo luachanna morálta teaghlaihn ón mBíobla toisc gur Críostaí mé. Guím chun Dé, agus cabhraíonn Dia liom na luachanna is fearr a mhúineadh do mo chlann.' Tá áit lárnach ag an urnaí i saol Madris, agus i saol an teaghlaihn. Cuireann siad deireadh le himeachtaí an lae trí phaidreacha a rá i dteannta a chéile. Nuair a bhíonn deacrachtaí le sárú acu, bíonn cabhair le fáil sa phaidreoireacht. 'Tá creideamh iomlán agam i nDia. Fiú nuair nach mbíonn airgead agam leis na fiacha scoile a íoc, guím chun Dé agus tagann sé i gcabhair orm.'

Is féidir níos mó faoi Madris agus faoina clann a léamh san acmhainn *Ag Cosaint na gCeart*. [trocaire.org/education/motherearth/postprimary](https://trocaire.org/education/motherearth/postprimary)



Alex, Madris agus Joy-Faith, Ishiara, Contae Embu, Ceantar an Oirthir, An Chéinia. Grianghraf: Gary Moore

Is é Trócaire gníomhaireacht fhorbartha thar lear Eaglais Chaitliceach na hÉireann.

Curtha ar fáil ag Foireann Oideachas Forbartha, Trócaire, 2020.

Údar: Karen McArdle.

Tá acmhainn bhreise faoin oideachas reiligiúnach agus faoin oideachas forbartha ar fáil ag: [trocaire.org/education](https://trocaire.org/education)

# TRÓCAIRE